

Reáchtálfar Sean-Nós na Fearsaíde ar bhonn fíorúil Dé hAoine an 26 agus Dé Sathairn an 27 Feabhra.

Déanann Sean-Nós na Fearsaíde ceiliúradh ar thaibhealaíona traidisiúnta na tíre agus, go háirithe, ar cheann de na traidisiúin is ársa dá bhfuil againn, amhránaíocht ar an tsean-nós.

Feicfear agus cluinfear cuid de na hamhránaithe sean-nóis is fearr amuigh, agus as achan cheantar Gaeltachta fosta, an deireadh seachtaine seo.

Ach beidh níos mó ná an amhránaíocht amháin ar siúl mar chuid di, nó tá idir cheardlanna amhránaíochta, ceardlanna scéalaíochta, ceolchoirm bheo agus oíche airneáil á reáchtáil.

Ina dteannta siúd, tá físeáin amhránaíochta á seoladh isteach le mí anuas do chomórtais amhránaíochta na féile: Corn Uí Chriagáin (d'iomaitheoirí os cionn 18 d'aois); Corn Mhic Aindreasa (d'iomaitheoirí faoi bhun 18 d'aois); agus Corn Mhic Reachtain (d'iomaitheoirí faoi bhun 12 d'aois). Fógrófar buaiteoirí na gcomórtas trí na meáin shóisialta tráthnóna Dé Sathairn agus beidh físeáin dá gcuid le feiceáil le linn an deireadh seachtaine lena gcois.

Beidh achan uile ghné á gcur sa tsiúl trí [Facebook](#), [Zoom](#) agus [Twitter](#). Déan teagmháil le haghaidh tuilleadh eolais nó le focal a chur ar spás i gceardlann: daithi@mhicreachtain.com | www.mhicreachtain.com.

Clár ama Shean-Nós na Fearsaíde

26/02/21 **18:00** Abair amhrán le Doimnic Mac Giolla Bhríde (*Zoom*)

26/02/21 **19:30** Abair Amhrán le Bláithín Mhic Cana (*Zoom*)

26/02/21 **21:00** Oíche Airneáil le:

Máire Ní Choilm, Máire Ní Chéileachair, Éamon Ó Donnchadha, Micheál Ó Confhaola, Caitlin Ní Chualáin, Bríd Ní Mhaoilchiaráin, Nell Ní Chróinín, Doimnic Mac Giolla Bhríde, Aodán Ó Ceallaigh, Diane Ní Chanainn, Bláithín Mhic Cana, Róise Nic Corraidh, Cathal Ó Curráin, Nada Ní Chuirrín, Conor Ó Gallachóir, Clíona Ní Ghallachóir, Naoise Mac Cathmhaoil, agus an láithreoir Caoimhe 'ceol' Ní Chathail.

27/02/21 **13:00** Ceardlanna scéalaíochta le Bríd Anna Ní Bhaoill & le Seanán Mac Aoidh (*Zoom*)

27/02/21 **17:00** Fógrófar buaiteoirí na gcomórtas tri *Facebook* & *Twitter*

27/02/21 **21:00** Ceol Beo! Ceolchoirm le Doimnic Mac Giolla Bhríde & Frances Morton (*Facebook*)

Deir Máire Ní Choilm faoi fhéile na bliana seo a chuaigh thart, ‘Caithfidh mé a rá, ceann de na féilte deireanacha a raibh mé acu ná Sean-Nós na Fearsaíde i mBéal Feirste, agus bhain mé sult fiánta as an fhéile sin.’